# Ceithre Chéim sa Phróiseas Scríbhneoireachta - Cuir chuige agus uirlisí úsáideacha

Aithnítear ceithre chéim a bhaineann leis na cineálacha scríbhneoireachta agus leis an leagan amach a úsáidtear:
**1.Cumasú 2. Sampla Aithris 3. Comhscríbhneoireacht 4. Scríobhneoireacht neamhspleách .**

**Céim 1: Cumasú sa teanga agus san ábhar:**

Leagtar béim ar eolas a bhailiú faoin **ábhar**, agus ar an **teanga** a bheidh ag teastáil sa scríbhneoireacht. Úsáidtear tascanna réamhscríbhneoireachta chun na scoláirí a chumasú – gníomhaíochtaí labhartha, éisteachta, léitheoireachta, taighde, glacadh nótaí srl.

**Céim 2: Sampla Aithris:**

Béim ar aidhm na scríbhneoireachta, ar theanga chuí, ar struchtúr an phíosa scríbhneoireachta trí dhea-shamplaí a roinnt leis an scoláire.

**Céim 3. Comhscríbhneoireacht:**

Cumann na scoláirí píosa scríbhneoireachta le treoir agus le spreagadh ón múinteoir ar an gclár bán. Ba chóir an próiseas scríbhneoireachta/eagarthóireachta (dréachtú agus athdhréachtú ) a mhúnlú.

**Céim 4. Scríbhneoireacht neamhspleách:**

Cleachtadh rialta agus aiseolas éifeachtach tugtha do na scoláirí agus iad ag scríobh leo féin nó le comhscoláirí, bunaithe ar chéim a 2 agus a 3 thuas chun a scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt

CC BY NC

# Ceithre Chéim sa Phróiseas Scríbhneoireachta - Cuir chuige agus uirlisí úsáideacha

Seo thíos roinnt uirlisí úsáideacha chun na céimeanna a bhaint amach

| Cumasú | Sampla-Aithris | Comhscríbhneoireacht | Scríbhneoireacht Neamhspleách |
|---|---|---|---|
| • Eagraithe Grafacha<br>• Tascanna foclóra m.sh. Stop an bus, Liostaí, Scrabble, Ceangail a 4, Lúbra focal, Wordle, Padlet<br>• Tobsmaointeoireacht<br>• Cleachtadh Mata Boird<br>• ABCC<br>• Nathanna, rás foclóra, ríomhfhoclóirí m.sh teanglann.ie téarma.ie<br>• Íomhá nó ceol mar ábhar spreagtha<br>• Téacs mar ábhar spreagtha<br>• Ceisteanna spreagtha<br>• Fógra mar spreagadh<br>• Tascanna litrithe: FACSS<br>• Nuacht an lae<br>• Abairtí a leathnú<br>• Abairtí a ghiorriú<br>• Suirbhé<br>• Anagram<br>• Péistfhocal<br>• Crosfhocal<br>• Litriú<br>• Taighde | • Éist agus Tarraingt<br>• Éist agus líon isteach<br>• Cóipeáil<br>• Deachtú<br>• Líon na bearnaí<br>• Abairtí I dtéacs a chur in ord<br>• Péistfhocal<br>• Altanna a chur in ord<br>• Athraigh na focail le líne fúthu<br>• Scéal bearnach<br>• Dea-shamplaí ó fhoinsí dílse<br>• Dea-shamplaí ó scoláirí eile<br>• Tábhacht na léitheoireachta agus na litríochta<br>• Focail in ord<br>• Seánra, Struchtúr agus Stíl a aithint | Comhscríbhneoireacht leis an múinteoir mar threoraí agus rúnaí ag síor ceistiú:<br>• *Cad leis a dtosóimid?*<br>• *Cad a déarfaimid?*<br>• *Cad iad na critéir ratha?*<br>• *Cén seánra atá I gceist?*<br>• *Cén struchtúr a chuirfimid air?*<br>• *An bhfuil bealach eile chun sin a rá?*<br>• *An féidir le héinne smaoineamh ar fhocal eile/ níos fearr ná sin?*<br>• *Cad ba mhaith leat a rá?*<br>• *An féidir sin a forbairt?*<br>• *An féidir sin a leathnú amach?*<br>• *An féidir sampla a thabhairt?*<br>• *An bhfuil fíricí againn?*<br>• *An bhfuil sin cruinn ó thaobh an litrithe/ na gramadaí de?*<br><br>Comhscríbhneoireacht le scoláire eile:<br>• Cártaí Rólghlacadh<br>• Cleachtadh mata boird<br>• Frámaí Scríbhneoireachta<br>• Padlet<br>• Story Cubes<br>• Bosca Ceoil | • Scafláil foghlama<br>• Pleanáil agus foclóir<br>• Dréacht 1<br>• Athléamh<br>• Súil ghéar<br>• Súil eile/Aiseolas<br>• Athdhréachtú<br>• Réidh le roinnt<br>• Critéir ratha shoiléire<br>• Seánra<br>• Aidhm an phíosa<br>• Teanga, Cruinneas, Saibhreas, Teachtaireacht, Ábhar<br>• Samhlaíocht<br>• Tascanna scríbhneoireachta bunaithe ar eispéireas na scoláirí.<br>• Comhthéacs téagartha ag an tasc.<br>• Stíl Phearsanta a fhorbairt<br>• Lucht léite-cuir an obair ar thaispeáint |

Oide.ie

# Cuir chuige agus uirlisí úsáideacha don Phróiseas Scríbhneoireachta

Oide

## Abairt a chruthú:

Lig do na scoláirí abairtí a chruthú ag baint úsáide as focalchártaí/ frásachártaí/ Cártaí Briathra *Cheannaigh Seán carr nua.*

## Abairt a fhairsingiú:

Is féidir abairt a fhairsingiú trí aidiachtaí oiriúnacha a chur leis.

## Abairt a chríochnú:

Is féidir úsáid a bhaint as chónasc chun breis eolais a thabhairt, m.sh. Cheannaigh Seán carr nua toisc gur scriosadh an seancheann i dtimpiste.
*cé……….. agus mar sin …… agus … mar ……… ach…… tar éis do ………..*

## Abairtí a nascadh le chéile:

Roghnaigh sampla scríbhneoireachta ina bhfuil sraith abairtí gearra. Iarr ar na scoláirí na smaointí a nascadh le chéile in aon abairt amháin. Léirigh an straitéis go dtí go mbeidh tuiscint acu ar an modh oibre, m.sh. Chuaigh Seán abhaile tar éis na scoile. D'ith sé a dhinnéar.
*Chuaigh Seán abhaile tar éis na scoile agus d'ith sé a dhinnéar*

## Abairt a laghdú:

Is féidir abairt a laghdú trí fhocal amháin a bhaint amach ag an am. An féidir giolc a scríobh?
*Cheannaigh Seán carr* (nó) *#Carr ceannaithe*

## Stór focal a leathnú (Eagraithe Grafacha):

Céimeanna/ Dréimire : An féidir focail eile a chur isteach idir maith & iontach chun cur síos ar dhéanamh ar thréithe daoine. Tá neart Eagraithe Grafacha ar fáil san acmhainn a d'fhoilsigh an PDST nó trí *Google* a dhéanamh ar na téarmaí *'mind maps'* nó *'graphic organisers'*. Cabhraíonn siad go mór leis an bhfoghlaimeoir físeach smaointe a ghineadh don tasc atá roimhe.

Oide.ie

## Rás foclóra:

Bunaithe ar thopaic - Caithfidh gach beirt teacht aníos le 10 bhfocal bainteach leis an topaic. An chéad bheirt a scríobhann na focail ardaíonn siad lámh. Caithfidh duine den bheirt na focail a scríobh ar an gclár bán. Déanann an rang ar fad piarmheasúnú. Is féidir díriú ar an ábhar chomh maith leis an teanga sa chás seo, sé sin cad atá ar eolas agat faoin topaic seo agus cad a bheidh á rá agat faoi?
Is féidir iarraidh orthu 10 mbriathar a scríobh ansin.
Sa deireadh caithfidh siad (gach beirt) na briathra & na hainmfhocail a úsáid chun giota a scríobh ar an topaic. Aimsigh na difríochtaí (aon bhearna eolais)

## **Scéal bearnach** (obair bheirte):

Déan 2 chóip den phíosa léitheoireachta céanna. Scrios amach focail dhifriúla sa dá chóip.
Caithfidh gach beirt an scéal a léamh agus na bearnaí a líonadh (má tá bearna i mo phíosa gach seans go bhfuil an focal scríofa i bpíosa mo charad & a mhalairt). Caithfidh an bheirt an leagan iomlán (ceart) a scríobh amach.

## Deachtú reatha:

Obair bheirte, duine amháin (an léitheoir) ina sheasamh, an duine eile (an scríbhneoir) ina shuí. An téacs ar an mballa, i gcúpla áit b'fhéidir. Téann an léitheoir go dtí an balla agus tagann sé ar ais go dtí an scríbhneoir le habairt nó dhó ina cheann. Cuireann an scríbhneoir aon cheisteanna is mian leis maidir le litriú srl. Ansin scríobhann sé síos na habairtí. Fad is atá sé á dhéanamh, téann an léitheoir ar ais agus bailíonn sé tuilleadh eolais. Leantar ar aghaidh mar seo. D'fhéadfaí comórtas a dhéanamh as seo.

## Deachtú damanta:

Léann an múinteoir amach an píosa uair amháin, na scoláirí ag éisteacht. Ina dhiaidh sin tugtar trí nóiméad dóibh chun aon rud is cuimhin leo faoin bpíosa a bhreacadh síos, focail, nathanna, abairtí iomlána b'fhéidir. Ansin tagann siad le chéile i ngrúpaí agus déanann siad iarracht an píosa iomlán a chur le chéile.

## Péist focal agus abairt gan aon bhearna idir na focail:

CénscéáltásúilagamgobhfuiltúgomaithismiseEoinagustáimagfreastalarcholáistenabpiarsach.
Scoilmheascthaiseaítábuachailliáguscailíníagfreastaluirthitosaíonnanláscoileagcúigchunanaoicaithimgeansaígorm,brísteliathléinebhánaguscarbhatildaiteceapaimgobhfuilnarialachasascoilseoréasúnta.
Déanaimdeichnábharsascoilisfearrliomanfhraincísmarfaighimseansteanganuaalabhairtagustásésuimiúilarandrochuairníthaitníonnstaidéargnóliommarsílimgobhfuilsécasta.
Ithimanlónsacheaintínbíonnroghaíontachannagustáan-bhéimsrbhiafolláinimrímpeilarfhoireannnascoileagustáfoireannláidiragainn.